DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D07

Téama
Glacann na daltaí páirt i ndráma agus iad ina dtaiscéalaithe sa saol amach anseo a thagann trasna ar sean-láthair dumpála dramhaíola ón 21ú céad agus beidh siad ag iarraidh oibriú amach cén úsáid a bhí do na rudaí seo ar fad! Ní fhéadfadh sé gur chaith daoine uathu iad?

Cuspóirí
A bheith cruthaitheach faoi ábhair gur féidir fáil réidh leo agus nach fédir fáil réidh leo. Fóram plé a thabhairt isteach ar cheisteanna a bhaineann le freagracht pearsanta agus sa sochaí, torthaí agus athrú a d'fhéadfadh tarlú agus cineál teanga a thabhairt isteach atá oiriúnach do díospóireacht.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Gaeilge - Ag cothú spéise; Ag tuiscint teanga; Ag úsáid teanga

Dráma - Dramaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Scileanna
Ag ceistiú; ag úsáid fianaise; ag comhoibriú agus ag déanamh cumarsáide le daoine eile, smaointeoireacht chruthaitheach; mothúcháim, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Am
40 nóiméad (d'fhéadfadh sé sin athrú beagáinín)

Nascadh le Scoileanna Glasa
Dramhaíl agus bruscar

Tá Turas! Bunaithe ar nótaí an mhúinteora sa churaclam drámaíochta agus b'fhéidir go mbeadh múinteoirí ag iarraidh na smaointe a chur in oiriúint dá gcásanna féin sa seomra ranga. Féadfar an ghníomhaíocht a leathnú bunaithe ar na heiseamláir atá tugtha i nótaí an mhúinteora ar an gcuraclam drámaíochta (go speisialta é sin ar leathanach 74).

Tá sampla den scriopt b'fhéidir a bheadh tú ag iarraidh a úsáid le treoir a thabhairt duit curtha ar fáil ar leathanach a dó agus tá na huimhreacha sa téacs thíos ag tagairt dó seo. Tá go leor múinteoirí ar fearr leo a gcuid focal féin a úsáid.

Turas!

→ AR AIS GO DTÍ AN SAOL SEO

CÉARD A THEASTÓIDH UAIT

- Rogha dramhaíola atá glan agus an-difriúil ó na chéile agus nach mbeidh bith-díghrádaithe (buidéil, dlúth-dhioscaí, cupáin pholaistiréin, spréachphlocóidí, clúdaigh scragaill, batairí, éadach ó snáithíní saorga)
- Páipéar nuachta

CÉARD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Leag an dramhaíl amach in áit amháin sa seomra agus clúdaigh é le páipéar nuachta. Tabhair cúnamh nuair is gá
2. Léann an múinteoir teach-taireacht: Sa mbliain 3020 faigheann grúpa taighde seandálaíochta cead faoi

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D07

ar leanúint →

dheireadh ó rialtas an Domhain limistéar den Domhan a scrúdú nach bhfuil aon chónaí ann leis na céadta bliain (1).

3 Féadfaidh an múinteoir/duine leis an teachtaireacht ag an bpointe seo 'pasanna rialtais' a thabhairt do na seandálaithe (lipéid ghreamaitheacha nó píosaí cártaí) ar a mbeidh cur síos orthu mar 'saineolaithe' de chineálacha difriúla (foireann leighis, teicneoirí, geolaithe etc.) D'fhéadfadh sé seo fócas difriúil a thabhairt do na hábhair a gheobhaidh siad níos déanaí.

4 Beidh an múinteoir mar theachtaire rialtais ar iarradh air dul leis an ngrúpa. Cuidíonn an carachtar leis an dráma ach go hiondúil bíonn sé ciúin (2).

5 An t-aistear trí áiteanna nach n-aithníonn siad ach corr rud beo agus sroicheann siad oileán (3/4).

6 Téann siad ag tochailt, iad tógtha agus iad ag cuimhneamh go mb'fhéidir go raibh cónaí ar dhaoine sna háiteanna seo. Faigheann siad fianaise go raibh! Is láthair dumpála bruscair mór millteach é an t-oileán! Bíonn siad ag scrúdú gach a n-aimsíonn siad agus scríobhann siad síos céard iad na húsáideacha b'fhéidir a bhí ag na rudaí.

7 Tosaíonn na leanaí ag breathnú ar gach a bhíonn faighte acu. Ba chóir go mbeadh cruthaitheacht le brath ina gcuid cainte agus é bunaithe ar chéard a fheiceann siad, ní an méid atá ar eolas acu cheana féin.

8 Tógann gach grúpa nó páiste ar ábhar agus cuireann sé/sí síos ar na húsáidí a d'fhéadfadh a bheith aige. Insíonn siad scéal an duine nó na daoine a bhain úsáid as. (Ag an bpointe seo is féidir leis an taiscéalaíocht a bheith go hiomlán ó bhéal nó idirghníomhach cé go n-oibreodh sé freisin dá ndéanfadh na daltaí nóta faoin gcarachtar mar thaiscéalaithe).

9 Titeann an oíche agus téann siad a chodladh sa gcampa. Bíonn siad ag brionglóidí faoi na daoine a chónaigh san áit tráth den saol. Tá mian a gcroí ag na daoine sin – céard é féin? (6)

10 Dúisíonn an grúpa agus pléann siad an méid a d'fhéadfadh a bheith ráite ag na daoine sa mbrionglóid. (D'fhéadfadh roinnt múinteoirí na 'teachtaireachtaí ón saol a caitheadh' a phlé anois, fanfaidh cuid eile go dtiocfaidh an turas ar ais ag a n-áit féin).

11 Cuireann siad a gcuid málaí le chéile agus iad ar tí dul ar ais go dtí an stáisiún taighde agus iad ag dul ag insint a scéal don saol mór (7/8).

12 Féadfaidh an múinteoir agus daltaí a rá go bhfuil teachtaireacht ón saol a caitheadh ina dtuairisc, bailiúchán de dhéantáin scríofa síos nó píosa de shaothar i scríbhinn is fearr a bheadh níos foirstinigh don am agus do chuspóirí curaclam an mhúinteora.

Ar aghaidh leat

1 Gníomhaíochtaí ealaíne bunaithe ar ath-féachaint ar ábhar dramhaíola agus é a athúsáid.

2 Gníomhaíochtaí ceoil bunaithe ar uirlisí atá déanta as ábhair athúsáidte nó gnás bunaithe ar thuairimí na seandálaithe de na daoine a bhí ina gcónaí ar an oileán tráth.

3 Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta bunaithe ar mhíreanna nuachtáin a scríobh nó scrioptanna nuachta teilifíse le tuairisc a thabhairt ar an turas.

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D07

ar leanúint →

BILEOG OIBRE SCRIOPTANNA

B'fhéidir gur mhaith le múinteoirí leas a bhaint as na scrioptanna seo, iad a chur in oiriúint dóibh féin nó a gcuid focal agus a smaointe féin a úsáid ina áit.

Múinteoir (ina ról mar theachtaire ach gan aon ghlór 'aisteoireachta' ar leith in úsáid)

1. Seandálaithe Ionad Eolaíochta a hAon, tugaim teachtaireacht daoibh ó Rialtas an Domhain. Léifidh mé díreach mar atá sé scríofa. 'Dáta 11-K-6 sa mbliain 3020. Don fhoireann seandálaíochta mór le rá as Ionad Eolaíochta a hAon ón gCoiste Lárnach de Rialtas an Domhain: tá cead tugtha d'fhoireann taiscéalaíochta Ionad Eolaíochta a hAon an réigiún nach bhfuil eolas faoi ar a dtugtar Oileán Ultima a chuardach. Féadfaidh sibh codladh i gcampaí ar an oileán ar an gcéad thaiscéalaíocht seo. Cuirtear i gcuimhne duit nach bhfuil aon chónaí sa limistéar seo faoi láthair agus d'fhéadfadh an t-aistear a bheith contúirteach. Déan cinnte le do thoil go mbeidh an trealamh ceart agat don aistear de bhrí nach mbeidh tú i dteagmháil le aon duine mar gheall ar an áit. Tá súil againn go mbainfidh an Domhan leas as na sonraí eolaíochta a bhaileoidh sibh. Cuireann Rialtas an Domhain gach rath oraibh. Go n'éirí bhur mbóthar libh! Seo é deireadh na teachtaireachta.

2. (Sula n-imíonn na daltaí)
Tá orduithe tugtha ag Rialtas an Domhain domsa dul in éineacht libh ar an turas. Is mise Galla. Chuala mé trácht ar Oileán Ultima le linn m'óige agus bhínn i gcónaí ag iarraidh cuairt a thabhairt anseo.

D'fhéadfadh an áit a bheith contúirteach, agus ní fédir linn fanacht ach oíche amháin.

3. (Agus iad ag taisteal)
Ní aithním tada. Céard é an talamh seo? Inis dom céard a fheiceann sibh.

Tá sé aisteach, ach deirtear go raibh cónaí ar dhaoine anseo uair amháin.

4. (Ag cur tús leis an taiscéalaíocht)
Níl aon am againn le cur amú. Ní féidir linn fanacht ach aon oíche amháin.

(D'fhéadfadh smaoineamh le haghaidh taiscéalaíocht cartán íogairte a bheith anseo...) An raibh na daoine chomh beag sin is gur hata a bhí anseo? Tá an oiread acu ann – ar chaith an treabh hata nua gach lá adhartha? Cén tábhacht atá leis an ábhar seo, a léirítear ón gcrónaiscóp a tugadh aníos ó chnámha dineasáir a bhí i dtalamh? (plaisteach) Céard is brí leis na iairiglifeanna seo (focail, siombail)?

5. (Ag Tabhairt an oileáin faoi deara)
Breathnaigh ar an gcruth dorcha sin san uisce. Tá Oileán Ultima sroichte againn.

6. (Ag críochnú na taiscéalaíochta)
Ba chóir don mhúinteoir fanacht socair ar an gcathaoir. Tá an oíche ag titim. Caithfimid luí siar agus dul a chodladh. Dúnaigí bhur súil. Codlaigí.

(Don bhrionglóid. I nglór séimh). Feicim i mo chodladh na daoine a chónaigh anseo tráth. Feiceann tusa freisin iad. Tá siad ansin inar mbrionglóidí. Tá mianta ag na daoine seo. Tá na daoine seo ón saol a caitheadh ag iarraidh rud éigin a insint dúinn. Céard é an teachtaireacht atá acu? Tá siad ag imeacht leo agus muid ina gcodladh fós ar Oileán Ultima... (Comhaireann an múinteoir go 10 go ciúin).

7. (Deireadh leis an dráma)
Tá sé ina mhaidin! Bhíomar ag brionglóidí ar feadh na hoíche! Caithfidh muid a dhul ar ais go dtí Ionad Eolaíochta a hAon. Caithfidh muid gach ar fhoghlaim muid a thabhairt abhaile linn.

8. Tá muid sa mbaile slán sábháilte, anois caithfidh mé gach ar aimsigh sibh a thabhairt do Rialtas an Domhain. Céard iad na teachtaireachtaí atá sibh ag iarraidh orm a thabhairt chucu?